

# Leabhrán Faisnéise D'Othair



Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas  
Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2.  
Guthán 01-6644600  
[www.rveeh.ie](http://www.rveeh.ie)

## CLÁR ÁBHAR

Fáilte	<b>Ráiteas Misin</b>	<b>4</b>
	<b>Fáilte</b>	<b>4</b>
	<b>Cóimheas</b>	<b>5</b>
	<b>Gearáin/Tuairimí/Aiseolas</b>	<b>5</b>
Láthair	<b>Láthair an Ospidéil</b>	<b>6</b>
	<b>Iompar Poiblí a fhreastalaíonn ar an gceantar</b>	<b>6</b>
Iontráil	<b>Socruithe iontrála</b>	<b>7</b>
	<b>D'iontráil a dheimhniú</b>	<b>7</b>
	<b>Maidin na hiontrála</b>	<b>7</b>
	<b>Céard atá le tabhairt leat?</b>	<b>7</b>
	<b>Earraí luachmhara</b>	<b>8</b>
	<b>Amanna cuairte</b>	<b>8</b>
Gnáthaimh Bharda	<b>Amanna béilí</b>	<b>8</b>
	<b>Córas glao cloig</b>	<b>8</b>
	<b>Bráisléid aitheantais</b>	<b>8</b>
	<b>Toiliú feasach</b>	<b>9</b>
	<b>Bainistiú Péine</b>	<b>9</b>
	<b>Áiseanna d'Othair</b>	<b>9</b>
	<b>Fiosrúcháin Othar</b>	<b>9</b>
	<b>Aistrithe Leapa agus Barda</b>	<b>10</b>
Cúram Tréadach		<b>10</b>
Beartas caithimh tobac		<b>10</b>
Sláinteachas		<b>10</b>
Ionfhabhtú a chosc agus a rialú		<b>10</b>
Sábháilteacht	<b>Ráiteas Sábháilteachta</b>	<b>11</b>
	<b>An Beartas um Muinín as Cúram</b>	<b>11</b>
	<b>Sábháilteacht Dóiteáin</b>	<b>11</b>

Iontrálacha Linbh	<b>Do leanbh a ullmhú lena (h)iontráil san Ospidéal</b>	<b>12</b>
	<b>Céard atá le tabhairt leat?</b>	<b>12</b>
	<b>Maoirsiú Linbh</b>	<b>13</b>
	<b>Cosaint Linbh</b>	<b>13</b>
Díscaoileadh	<b>Sochar Breoiteachta</b>	<b>14</b>
	<b>Seicliosta díscaoilte</b>	<b>14</b>
Do chuntas Ospidéil a íoc	<b>Árachas príobháideach sláinte</b>	<b>14</b>
	<b>Sealbhóirí cárta leighis</b>	<b>14</b>
Rochtain ar do thaifid leighis		<b>15</b>
Saoráil faisnéise		<b>15</b>
Foireann Chúraim a d'fhéadfadh casadh ort		<b>15</b>
Comhghairmithe Sláinte		<b>16</b>
Seirbhís Ateangaireachta		<b>18</b>
Teangacha an lámhleabhair d'othair		<b>19</b>
Tabhartas a dhéanann difríocht mhór		<b>20</b>

## Ár Ráiteas Misin

I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus i gcomhoibriú le comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla eile, is é Ráiteas Misin an Ospidéal -

“chun an tOspidéal a choimeád mar ionad náisiúnta sármhaitheasa chun cóir leighis a chur ar othair ar a bhfuil galair oftalmacha nó otalaraingeacha, trí sheirbhís chomhbhách, éifeachtúil agus chostéifeachtúil den chéad scoth a chur ar fáil, agus rannpháirtíocht na foirne a chothú i gcomhthráth mar aon le cáil an Ospidéal a fhorbairt agus a chur chun cinn sa Taighde agus mar Ospidéal teagaisc.”

### Fáilte

Fáilte chuig Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas. Bunaíodh an tOspidéal in 1897 faoi *‘Acht Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas, 1897’*.

D'éascaigh seo comhnascadh an Ospidéal Náisiúnta Súl, a bhunaigh Isaac Ryall in 1814 agus Ospidéal Oftalmach Naomh Marc le haghaidh Galair na Súile agus na Cluaise, a bhunaigh Sir William Wilde in 1844.

Tar éis an institiúid nua seo a bhunú, bhí an gá ann chun fairsingiú a dhéanamh agus in 1899, ceannaíodh suíomh ar Bhóthar Adelaide agus cuireadh tús leis an tógáil.

An 18 Feabhra 1904, tar éis othair a aistriú ón Ospidéal Náisiúnta Súl agus ó Ospidéal Naomh Marc go dtí Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas faoi dhíon amháin agus ar an suíomh ina bhfuil sé inniu, cuireadh an bonn faoin Ospidéal.

Tá an tOspidéal á rialú ag an Uachtarán agus ag an gComhairle, agus tá sé á bhainistiú ag Grúpa Bainistíochta an Ospidéal, ina bhfuil: - Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Straitéise agus Gnóthaí Corparáideacha, Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Eagrúcháin, Stiúrthóir Altranais, Stiúrthóir Oibríochtaí agus Acmhainní Daonna, Stiúrthóir Leighis agus Stiúrthóir Oideachais agus Taighde.

Is ionann gníomhaíocht bhliantúil an Ospidéal agus thart ar 7,000 othar cónaithe, 40,000 freastalaí ar an ROS (Rannóg na nOthar Seachtrach), agus 40,000 freastalaí ar an Rannóg Timpiste agus Éigeandála.

Táimid, anseo ag Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas, an-bhródúil as ár rannpháirtíocht le riachtanais leighis na cathrach agus na tíre le breis agus céad bliain anuas agus táimid an-bhródúil chun leanúint ar aghaidh chun seirbhís a chur ar fáil do shláinte an phobail ar feadh go leor blianta amach anseo.

## Cóimheas

### Déanfaidh an fhoireann ag Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas an méid a leanas:

- Caitheamh leat le meas agus le dínit.
- Meas a bheith ar do phríobháideachas agus ar do rúndacht.
- Tú a choimeád ar an eolas ar do phlean cúraim.
- Meas a bheith ar an gceart atá agat chun cinntí feasacha a dhéanamh maidir le do chúram agus do chóireáil.
- Meas a bheith ar an gceart atá agat chun tuairim eile a fháil.
- Meas a bheith ar d'éagsúlacht.

### Iarrtar ar othair/cliaint:

- Meas a bheith acu ar chearta, réadmhaoin, príobháideachas agus ar éagsúlacht othar eile agus na foirne cúram sláinte.
- Do roghanna, cinntí agus na rudaí is mian leat a phlé leis an bhfoireann cúram sláinte. Má theastaíonn faisnéis uait, iarr ar an altra nó an dochtúir a bhfuil tú faoina gcúram.
- Acmhainní cúram sláinte a úsáid ar bhealach freagrach.

### Beidh tú freagrach as an méid a leanas:

- D'fhadhbanna sláinte a thuiscint chun do shásaimh féin.
- Mura dtuigeann tú do ghalar nó do chóireáil féin, nó más mian leat breis sonraí a fháil fúthu, iarr ar an altra, an dochtúir nó ar dhaoine eile.
- Tá sé tábhachtach go dtuigeann tú d'fhadhbanna sláinte chun bainistíocht rathúil a dhéanamh ar do chóireáil.

## Comaoineacha, tuairimí agus gearáin

Chuirfimis fáilte roimh aon tuairimí a d'fhéadfadh bheith agat faoi do chuairt ar ár n-ospidéal, lena n-áirítear ár nglaineacht. Úsáidtear tuairimí othar, gaolta agus cuairteoirí chun cáilíocht na seirbhíse a thomhas. Cuirimid fáilte roimh mholtaí nó roimh smaointí ar conas a chuirfimis feabhas ar ár seirbhís d'othair. Coimeádfar gach tuairim faoi rún agus ní dhéanfaidh siad aon difear d'aon ghné de do chúram.

Tá bileoga agus boscaí aiseolais lonnaithe i suíomhanna straitéiseacha timpeall an ospidéil. Murar féidir leat teacht ar cheann, iarr ar bhall foirne. Ina theannta sin, féadfaidh tú ríomhphost a sheoladh chugainn ag [www.rveeh.ie](http://www.rveeh.ie)

Tá nós imeachta gearáin ag Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas. Má tá gearán agat faoi do chúram, ba cheart duit é a sheoladh chuig an mBainisteoir Altra Cliniciúil sa chéad ásc. Mura mian le do ghearán a phlé ar leibhéal áitiúil, ba cheart duit scríobh chuig an Oifigeach Gearán. Aithneofar gach gearán laistigh de chúig lá oibre agus gheobhaidh tú freagra laistigh de 30 lá.

## Láthair an Ospidéil

Tá an tOspidéal Ionraithe ar Bhóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. Tá Bóthar Adelaide idir Droichead Shráid Líosain agus Ardán Phort an Iarla. Tá Faiche Stiabhna thart ar shiúlóid 10 nóiméad ón Ospidéal trí Ardán Phort an Iarla.

## Iompar Poiblí a Fhreastalaíonn ar an gCeantar

<b>Bus Uimhir 11, 14, 46A, 7b, 7d, 84x, 70, 37, 38, 38a</b>	Ó Shráid Uí Chonaill i lár na cathrach. Fág an bus ag Ardán Phort an Iarla nó Droichead Shráid Líosain.
<b>Bus Uimhir 15, 15A, 15B, 74,74A,</b>	Ó Shráid an Choláiste i lár na cathrach (Coláiste na Tríonóide).Fág an bus ag Ardán Phort an Iarla nó ag Droichead Shráid Líosain.
<b>Bus Uimhir 41x, 51x, 142</b>	Ó Shráid D'Olier go dtí Ardán Phort an Iarla.
<b>Ó Stáisiún Iarnróid Heuston. Uimhir 145</b>	Ó Stáisiún Heuston go dtí Sráid Líosain. Glac an Luas ar an Líne Dhearg ó Stáisiún Heuston. Fág an Luas ag Sráid na Mainistreach atá díreach ag bun Shráid Uí Chonaill agus glac ceann de na busanna a liostaítear thuas ó Shráid Uí Chonaill.  <a href="http://www.irishrail.ie">www.irishrail.ie</a> <a href="http://www.dublinbus.ie">www.dublinbus.ie</a>
<b>Líne Ghlas an Luais.</b>	Fág an Luas ag Stáisiún Fhearchair. <a href="http://www.luas.ie">www.luas.ie</a>

## Socruithe iontrála

Tá trí fhoirse iontrála chuig Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas:

- Iontrálacha a cuireadh in áirithe.
- Iontrálacha éigeandála tríd an Rannóg Éigeandála.
- Iontrálacha éigeandála trí Rannóg na nOthar Seachtrach.

### D'iontráil a dheimhniú

- Nuair a fhaigheann tú do cháipéisí deimhnithe d'iontráil a cuireadh in áirithe, deimhnigh, le do thoil, go nglacfaidh tú leis an leaba a chuirtear ar fáil duit trí ghlaó a chur ar cheann de na huimhreacha a leanas: **01-6644624 / 01-6644640 idir 2p.m. agus 5p.m.**
- Má tá tú le dul faoi mháinliacht **ar an lá céanna le lá d'iontrála**, ba cheart duit a dheimhniú go mbeidh tú i láthair an lá roimh d'iontráil.
- Ní mór dúinn a chinntiú go n-úsáidtear ár n-acmhainní chun sochar uasta ár n-othar. Mar sin, mura ndeimhníonn tú do leaba, d'fhéadfadh go dtabharfaí an leaba d'othar eile.

### Maidin na hiontrála

- Lena chinntiú go bhfuil fáil ar do leaba, amhail a beartaíodh, iarrtar ort glao a chur ar **01-6644640 / 01-6644624 ag 09.30a.m.**
  - Ní gá d'iontrálacha ar an Domhnach glao a chur le deimhniú a dhéanamh ar mhaidin iontrála.
  - Nuair a bhaineann tú an tOspidéal amach, iarrtar ort gabháil chuig pasáiste phríomhfhoirgneamh an Ospidéil agus na comharthaí a leanúint chuig an oifig iontrálacha.
  - Má tá diaibéiteas ort, cuir an fhoireann ar an eolas faoi ar theacht duit chuig an seomra feithimh. Seans go mbeidh orainn do leibhéil siúcra san fhuil a sheiceáil, go háirithe má tá tú i mbun troscaidh.
  - Ar mhaithe le do shábháilteacht agus d'fholláine féin, iarraidimid ort ball den fhoireann altranais a chur ar an eolas sula bhfágann tú an barda ar chúis ar bith.
  - Le linn d'fheithimh mar othar, d'fhéadfadh go n-iarrfaí ort leapacha agus/nó bardaí a athrú laistigh de shuíomh an ospidéil mar gheall ar athrú ar do riocht nó chun freastal ar riachtanais othar eile.

### Céard atá le tabhairt leat? / seicliosta iontrála

- Éadaí oíche, slipéir agus earraí maisíochta, mar aon le tuáillí. D'iarraimís ort gan ach earraí ríthábhachtacha a thabhairt leat mar gheall ar áiseanna teoranta stórála.
- **Sábháilteacht chógais.** Má tá aon chógas á ghlacadh agat, tá ort cóip chlóite de d'oideas reatha a thabhairt leat. Féadtar é seo a fhail ó do chógaiseoir pobail nó ó do Dhochtúir Ginearálta. Tá sé tábhachtach go dtugann tú aon chógais leat atá á nglacadh agat ina bpacáiste féin (seachas in eagraí piollaí). Má tá anáilóirí nó 'drugaí Ardteicneolaíochta' á n-úsáid agat, tabhair leat iad seo (is éard is drugaí Ardteicneolaíochta, líon beag drugaí nach bhfuil orthu ach ar fhoirm oidis "ardteicneolaíochta").
- **Smídeadh, ingne bréagach, Seodra agus polladh Coirp** D'iarraimís ort go mbeifeá iad seo roimh an máinliacht.
- **Gutháin Phóca.** Féadfaidh trealamh diagnóiseach bheith ag mífheidhmiú mar gheall ar gutháin ceallach agus siúlscéalaithe a úsáid. Tugann comharthaí ar fud an ospidéil le fios cár féidir agus nach féidir gutháin phóca a úsáid. Má bhíonn amhras ort, iarr ar bhall foirne.

## Earraí luachmhara

Ná tabhair airgead ná earraí luachmhara leat san Ospidéal. Ní féidir leis an Ospidéal freagracht a ghlacadh as aon earraí a choimeádann othair le linn a bhfeithimh san ospidéal. Cuir earraí luachmhara abhaile le gaolta/cairde.

## Amanna cuairte

Aithnímid gur cuid thábhachtach den lá duit cuairteoirí ach is é do chúram ár gcéad tosaíocht agus an rud is tábhachtaí dúinn anseo ag Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas. Ar mhaithe le do shábháilteacht, sláinteachas agus le compord na n-othar, cuirtear cosc ar chuairteanna a thabhairt seachas le linn amanna áirithe. Tá beartas cuairte ann ar féidir leat tagairt a dhéanamh de, agus tá sé ar taispeánt i limistéar na n-othar. Iarraimid ort agus ar do chuairteoirí cloí leis na hamanna a leanas: **Idir 1.30p.m agus 4.30p.m agus idir 6.00p.m agus 8.00p.m.**

## Gnáthaimh Bharda

Tá ag gach barda gnáthamh laethúil a leanann othair agus an fhoireann ionas gur féidir leat an cúram is fearr a thabhairt duit ar an mbealach is fearr. Nuair a thagann tú chuig an mbarda, cuirfidh ball den fhoireann altranais fáilte romhat agus tabharfaidh siad thú a fhad le do leaba agus taispeánfaidh siad duit leagan amach an bharda. Cuirfear baill eile de d'fhoireann chúraim in aithne duit agus taispeánfar duit conas an córas glao cloig a úsáid.

Bíonn babhtáí laethúla Dochtúirí ar siúl gach maidin agus déanfaidh d'fhoireann nó ball de d'fhoireann athbhreithniú ar do riocht agus do chúram beartaithe a phlé leat. Ná bíodh drogall ort nó ar do theaghlach am ar bith chun ceisteanna a chur faoi do chúram nó chun páirt a ghlacadh sa phlé faoi do chúram.

## Amanna béilí

- Bíonn **an Bricfeasta** ar siúl ag 08:00am i limistéir na n-othar cónaithe.
- Bíonn **Anraith** le fáil ag 10.30am.
- Bíonn **an Lón** ar fáil ag 12.00 pm.
- Bíonn **Béile an tráthnóna** ar fáil ag 5.00pm.
- Bíonn **tae/caife an tráthnóna** ar fáil idir 7.00 agus 9.00pm.

Inis don fhoireann láithreach faoi aon ailléirgí nó éadulaingt bia. Is féidir linn freastal ar riachtanais speisialta dhiaiteacha. Má bhíonn riachtanais speisialta dhiaiteacha, nó má tá diaibéiteas nó céiliach ort, más veigeatóir thú, cuir an fhoireann ar an eolas ar iontráil duit. Ina theannta sin, is féidir linn freastal ar aistí bia ar nós Halal agus Kosher. D'iarrfaimis ort sinn a chur ar an eolas faoin riachtanas diaiteach a luaithe a bhíonn do dháta iontrála ar eolas duit. Cinnteoidh seo go mbeidh dóthain ama ann lena chinntiú go mbeidh na béilí oiriúnacha againn duit. Tá sé i gcoinne bheartas an ospidéil go dtugann othair a mbia cócaráilte féin nó bia cócaráilte a ordú isteach go dtí an tOspidéal. Labhair le Bainisteoir an Bharda más mian leat socruithe speisialta a dhéanamh. Má bhíonn aon bhuarthaí diaiteacha ort nó más mian leat saincheisteanna diaiteacha a phlé le ball foirne, iarr ar bhall foirne agus déanfaimid iarracht dul i ngleic le haon saincheisteanna.

## Córas glao cloig

Tá an córas glao cloig lonnaithe in aice gach leapa agus ba cheart é a úsáid nuair a theastaíonn uait teagmháil a dhéanamh le ball den fhoireann altranais chun cabhair a fháil. Míneoidh an altra iontrála seo an córas seo duit ar theacht duit chuig an mbarda.

## Bráisléid Aitheantais

Tá againn dhá shaghas bráisléad aitheantais.



- Bráisléad bán le d'ainm, dáta breithe agus uimhir an ospidéal atá le caitheamh agat fad a bhíonn tú san ospidéal. Úsáidtear an bráisléad bán le hothair nach bhfuil aon ailléirgí orthu.
- Bráisléad dearg le d'ainm, dáta breithe agus uimhir an ospidéal atá le caitheamh agat fad a bhíonn tú san ospidéal. Ní úsáidtear an bráisléad dearg ach amháin má bhíonn ailléirge ort. Cinntigh, le do thoil, go gcuireann tú ar an eolas sinn faoi aon ailléirgí a d'fhéadfadh bheith ort.
- Seiceálfaidh an t-altra go bhfuil do shonraí go léir i gceart le linn an phróisis iontrála. Tá sé an-tábhachtach nach mbaineann tú do bhráisléad aitheantais ag aon am le linn d'fheithimh san ospidéal mar gheall gur cuid ríthábhachtach é de do bhainistiú sábháilteachta. Má dhéantar díobháil de do bhráisléad nó má bhaintear é, déan teagmháil le d'altra láithreach chun teacht ar cheann ionaid.

## Toiliú Feasach

Iarrfar ort toiliú a thabhairt roimh mháinliacht nó sula dtabharfar faoi roinnt gnáthaimh eile. Ba cheart duit an fhaisnéis dhóthanach a fháil faoin ngnáthamh/máinliacht/ bheartaithe, faoi na roghanna féideartha agus faoi na riosca suntasacha ionas gur féidir leat cinneadh feasach agus cothrom a dhéanamh. Léigh an fhoirm agus aon fhaisnéis bhreise go cúramach agus cuir aon cheisteanna a bhíonn agat mura dtuigeann tú aon rud. Ní mór do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí toiliú a thabhairt do ghnáthaimh le leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois. Ní féidir le daoine muinteartha nó cairde gníomhú mar d'ateangaire do thoiliú feasach. Chun dóthain ama a thabhairt dúinn, cuir ar an eolas sinn a luaithe is féidir, má theastaíonn Ateangaire chun seo a dhéanamh.

## Bainistiú Péine

Déanfaimid measúnú ar do phian ar iontráil duit, láithreach i ndiaidh d'obraíde agus ar bhealach leanúnach fad a bhíonn tú ag feitheamh linn. Tugann foireann altranais faoi bhabhta drugaí ag amanna rialta le linn an lae agus na hoíche. Le linn na mbabhtaí seo, fiafróidh siad díot faoi aon phian atá ort, agus tabharfaidh siad na pianmhúcháin oiriúnacha duit a ordaíonn na Dochtúirí, agus déanfadh siad measúnú ar an éifeacht a bhíonn acu ar do phian. Sa chás go mbíonn pain ort ag aon tráth sa lá, ná bíodh drogall ort glao ar altra agus iad a chur ar an eolas.

## Áiseanna d'Othair

- Tá teilifíseáin lonnaithe i ngach ceann de na bardaí agus i seomraí feithimh uile na mbardaí.
- Tá pointí faisnéise d'othair, áit ar féidir leat teacht ar fhaisnéis, lonnaithe sna seomraí feithimh uile.
- Cuirtear cosc ar threalamh pearsanta leictreonach a úsáid. Ní féidir leis an Ospidéal freagracht a ghlacadh as aon earraí a choimeádann othair le linn a bhfeithimh san ospidéal.
- Tá bosca poist lonnaithe ar urlár na talún.
- Is í uimhir ghutháin an ospidéal 01-6644600. Ina theannta sin, tá guthán poiblí a ghlacann le boinn lonnaithe ar urlár na talún ar féidir le hothair agus le gaolta a úsáid.
- Díolann Siopa Caife an Ospidéal tae, caife, ceapairí, earraí maisíochta, páipéir nuachtáin agus earraí eile. Bíonn an siopa ar oscailt ó Luan go dtí an Déardaoin idir 8:30am agus 4:30pm agus ar an Aoine idir 8:30am agus 3:00pm.
- Tá fáil ar uathdhíoltóirí san íoslach chun milseogra agus deochanna boga a cheannach.
- Páirceáil. Tá páirceáil mhéadraithe ar an tsráid suite lasmuigh den Ospidéal agus tá pointí sannta tuirlingte ann ag an doras tosaigh. Tá spásanna páirceála do dhaoine le cathaoireacha rothaí in aice an dorais tosaigh. Níl an UMB nó inneall sóinseála san Ospidéal.

## Fiosrúcháin Gutháin

Tuigimid go mbaineann tábhacht le fiosrúcháin faoi do dhul chun cinn duit agus do do theaghlach. Iarraimid ort go n-ainmnítear duine muinteartha amháin chun fiosrúcháin ghutháin a dhéanamh faoi othar agus gur féidir leo siúd, ansin, na daoine muinteartha eile a chur ar an eolas. Iarrtar ar ghaolta gan glao a chur le linn aistriú foireann altranais, i.e. idir 7.30am agus 8.15am agus idir 7.30pm agus 8.15pm.

## Aistrithe Leapa agus Bardaí

Mar gheall gur mian linn an cúram leighis agus altranais is fearr a sholáthar do gach othar, d'fhéadfadh go mbeadh gá le hothair a aistriú ó áit amháin sa bharda go dtí áit eile. Cé go ndéanfar gach iarracht chun gluaiseacht othar a choimeád a ísle is féidir, bheimis buíoch de do chomhoibriú iomlán sa chás go n-iarrtar ort bogadh. Cuimhnigh, le do thoil, go bhféadfadh go n-iarrfaí ar othair eile bogadh chun do chúram a éascú.

## Cúram tréadach

Tugann an Chléir cuairt rialta ar ospidéal ó shainaicmí éagsúla creidimh. Más mian leat aon chinn díobh a fheiceáil ag aon tráth, iarr ar an mBainisteoir Altra Cliniciúil nó ar an Altra atá i gceannas agus socróidh sé/sí é seo duit. Tá Aireagal lonnaithe ar urlár na talún. Bíonn tAifreann Caitliceach Rómhánach ar siúl san Aireagal gach Domhnach ag 10:30am.

## Beartas Caithimh Tobac

Ar aon dul leis an reachtaíocht reatha, **cuirtear cosc ar chaitheamh tobac i ngach limistéar d'Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas.** Tá fáil ar bhileoga a thugann faisnéis faoi chaitheamh tobac a chaitheamh in aer ag gach pointe faisnéise timpeall an ospidéil. Is féidir paistí nicitín a ordú chun cabhrú leat fad a bhíonn tú ag fanacht linn. Cuir an fhoireann ar an eolas aon am a bhíonn tú ag fágáil do bharda.

## Sláinteachas

Tá gach duine, an fhoireann, tú féin agus do ghaolta freagrach as cloí leis na cleachtais sláinteachais a mholtar agus chun cabhrú le timpeallacht ghlan a choimeád. Úsáid na haraidí dramhaíola a chuirtear ar fáil do bhruscar. Má thugann tú aon áit faoi deara óna dteastaíonn aird na Foirne Sláinteachais, labhair le ball foirne.

## Ionfhabhtú a chosc agus a rialú

Is é cuspóir na Foirne um Ionfhabhtú a Chosc agus a Rialú an líon ionfhabhtaithe a laghdú laistigh den ospidéal. Chun seo a bhaint amach tá sé ríthábhachtach go n-oibríonn an fhoireann, tú féin agus do ghaolta as lámh a chéile. Is ann do líon bealaí chun seo a dhéanamh.

**Sláinteachas Láimhe.** Cinntigh, le do thoil go níonn tú do lámha faoi mar a thaispeántar duit. Tá ról tábhachtach ag sláinteachas láimhe in Ionfhabhtú a Chosc agus a Rialú agus is bealach tábhachtach é le crosionfhabhtú a chosc. Úsáid an glóthach láimhe nuair a iontrálann agus a fhágann tú limistéir na mbardaí. Ná bíodh drogall ort fiafraí d'aon bhall foirne ar nigh siad a lámha.

**Ionfhabhtú le déanaí.** Cuir ar an eolas sinn láithreach má bhí tú ag cur amach, má bhí buinneach, slaghdáin nó fliú ort sa choicís roimh iontráil. Má tá spuaiceanna beo slaghdáin ort, d'fhéadfaí d'iontráil a chealú. Ní féidir le haon duine ag a bhfuil comharthaí ar nós masmas, cur amach nó buinneach cuairt a thabhairt ort san ospidéal.

D'fhonn ligeann dúinn na bearta cuí a dhéanamh, cuir ar an eolas sinn má bhí M.R.S.A ort riamh (Streptococcus aureus meiticillinfhriotach).

Ná cuir aon rud seachas braonta/cógas ordaithe súile i do shúile roimh d'obráid súile. Áireofaí leis seo, braonbhuidéil atá oscailte le breis agus 30 lá agus uisce coisricthe.

Iarrtar ar othair cith/cithfholcadh a bheith acu sula n-iontrálann siad an tOspidéal. Má bhíonn aon bhuarthaí ort maidir le hionfhabhtú a chosc agus a rialú, nó ma theastaíonn aon fhaisnéis bhreise uait, fiafraigh den altra nó den dochtúir a thugann cúram duit.

## Sábháilteacht

Iarrtar ort Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas a choimeád mar áit atá sábháilte chun teacht as galar, chun cuairt a thabhairt air agus chun oibriú ann. Má thugann tú aon bhaol féideartha, ná bíodh drogall ort an fhoireann a chur ar an eolas. Ní mór do do dhochtúir cead a thabhairt duit an tOspidéal a fhágáil le linn d'fheithimh. Cuir an fhoireann altranais ar an eolas más mian leat do gharlimistéar altranais a fhágáil. Caith bróga neamhsciorracha nuair nach mbíonn tú sa leaba.

## Ráiteas Sábháilteachta

Faoin reachtaíocht reatha, go háirithe an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá ar an Ospidéal, a mhéid is inchleachtaithe go réasúnta, sláinte agus sábháilteacht gach fostaí, gach duine faoi chonradh, gach cuairteora agus gach duine faoi chúram an Ospidéil a chinntiú. Tá ag Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas Ráiteas Sábháilteachta ina sonraítear an baol sonrach agus na bearta rialaithe atá i bhfeidhm do gach rannóg. Baineann ríthábhacht leis an Ráiteas Sábháilteachta chun sábháilteacht agus sláinte a chur chun cinn ag an obair.

## An Beartas um Muinín as Cúram

Dréachtaíodh an Beartas um Muinín as Cúram lena chinntiú go gcothaítear do shábháilteacht, leas agus do dhínit ag gach tráth. Tá dualgas cúraim ar Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas a chinntiú go gcosnaítear thú ó aon saghas iompair a sháraíonn do dhínit. Ina theannta sin, tá dualgas ar Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas a chinntiú go gcuirtear an tacaíocht, oiliúint agus an maoirsiú riachtanach ar fáil don fhoireann lena chur ar a gcumas seirbhís ardcháilíochta a sholáthar. Cinntíonn an Beartas um Muinín as Cúram go mbaintear amach na cuspóirí seo. Is é bunchuspóir an Bheartais um Muinín as Cúram cosc a chinntiú trí fheasacht agus trí airdeall méadaithe i measc na foirne uile, trí bheart críochnúil roghnaithe, trí oiliúint agus trí chomhlíonadh leanúnach le cóid iompair an Ospidéil.

## Sábháilteacht dóiteáin

Tá sé de chuspóir againn timpeallacht a chur ar fáil atá sábháilte ó riosca dóiteáin agus, más gá, dul i ngleic le tarlú dóiteáin ar bhealach a íoslaghdaíonn a thionchar.

### **Má thagann tú ar thine nó má shíleann tú go bhfuil tine ann:**

- Cuir an t-aláram i ngníomh tríd an aonad gloine is gaire a fheidhmiú.
- Cuir ball foirne ar an eolas.
- Cloígh leis na treoracha a thugann foireann an ospidéil nuair a fhágann tú an foirgneamh tríd an mbealach éalaithe is gaire.

### **Má chloiseann tú an t-aláram dóiteáin:**

- Cloígh le treoracha fhoireann an ospidéil.
- Fág an foirgneamh tríd an mbealach éalaithe is gaire.

**Ar mhaithe le do shábháilteacht, ná húsáid na hardaitheoirí agus ná hathiontráil an foirgneamh ar chúis ar bith.**

# Iontrálacha linbh

## Do leanbh a ullmhú lena (h)iontráil go dtí an tOspidéal

Iontrálann gach othar a iontrálann Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas atá faoi 16 bliana d'aois nó níos óige mar iontráil linbh. Tá sé tábhachtach go labhraíonn tú le do leanbh faoi dhul chuig an ospidéal. Más eispéireas nua a bheidh ann, d'fhéadfadh nach mbeadh aon chur amach ag do leanbh ar thimpeallacht an ospidéil. Más eol dóibh céard a bheidh i ndán dóibh roimhe ré, ní bheidh an t-eispéireas ina bhuairt chomh mór sin dóibh. Molaimid an méid a leanas:

- Molaimid duit go míníonn tú do do leanbh, de réir a (h)aoise agus a t(h)uisceana, an chúis a bhfuil sé/sí á t(h)abhairt chun an ospidéil.
- Deimhnigh go luann tú nach mbeidh ann ach rud sealadach agus míneoidh céard a tharlóidh.
- Tá sé tábhachtach go n-insíonn tú an fhírinne do do leanbh. Mar sin, má bheidh rud éigin pianmhar, inis dó/di go mbeidh sé amhlaidh.
- Inis do do leanbh gur gnách an rud é eagla a bheith ort agus gur féidir leis/léi gol.
- Spreag do leanbh ceisteanna a chur agus a m(h)othúcháin a chur in iúl.
- Inis do do leanbh go mbeidh tú ina c(h)uideachta agus go mbeidh tú ag fanacht thar oíche leo.
- Bí cinnte go mbeidh do leanbh páirteach agus sibh ag pacáil don fheitheamh san ospidéal agus cuir bréagán a thaitníonn leis/léi san áireamh.
- Ba cheart déagóirí a spreagadh chun labhairt faoi dhul chuig an ospidéal mar gheall go bhféadfadh go bhfuil an dealramh air go dtuigeann siad níos mó ná mar a thuigeann siad. Cabróidh caint leo agus iad a bheith páirteach i bplé faoina gcúram leo mothú go bhfuil smacht níos mó acu.
- Iarrtar ar Thuismitheoirí/Chaomhnóirí gruaig a linbh a sheiceáil i leith inmhíolú agus é a chóireáil dá réir, mar gheall go bhféadfaí máinliacht a chealú más ann d'inmhíolú.
- Eagraíocht dheonach iad Children in Hospital Ireland ag a bhfuil litríocht chabhrach do leanaí a théann chuig an ospidéal.
- Déantar gach iarracht leis an méid ama a chaitheann tú ó do leanbh a íoslaghdú mar gheall ar ghnáthamh máinliachta. Gabhann tuismitheoirí lena leanbh san Obrádlann go dtí go mbíonn codladh ar a leanbh agus, sa chás go n-iarrann do leanbh inár Seomra Téarnaimh, cinnteoidh an fhoireann go mbeidh tú ann.

## Céard atá le tabhairt leat?

Má tá do leanbh faoi 2 bhliain d'aois	Má tá do leanbh os cionn 2 bhliain d'aois
Clúidíní – indiúscartha, Uachtar Cosanta, Gallúnach, Tuáillí, éadach/gallúnach/spúinse aghaidhe do limistéar an chlúidín, éadaí Oíche, Ciúnaitheoir má úsáidtear ceann, Gníomhaíocht nó cluiche lena imirt	Éadaí lae, Fallaing sheomra/Pitseámaí/gúna oíche, Slipéir nó bróga agus stocaí, fo-éadaí breise, Clúidíní – má táthar á gcaitheamh, Tuáillí, éadach/gallúnach/spúinse aghaidhe do limistéar an chlúidín, scuab fiacla/taos fiacla, scuab/cíor gruaige, Gníomhaíocht nó cluiche lena imirt
<b>Ní féidir leis an Ospidéal freagracht a ghlacadh as aon chailteanas nó díobháil a dhéantar d'éadaí nó d'earraí luachmhara.</b>	

## **Maoirsiú linbh**

- Ní mór go mbeidh Tuismitheoir/Caomhnóir i dteannta gach linbh a thugann cuairt ar Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas ag gach tráth, thar oíche san áireamh. Ní féidir le deartháir nó le deirfiúr níos sine an ról seo a ghlacadh.
- I gcás teaghlach ina bhfuil an mháthair ag cothú cíche mac nó iníon níos óige, d'fhéadfadh sé bheith ní b'fhusa don athair nó do dhuine muinteartha eile fanacht thar oíche leis an leanbh. Murar féidir seo a dhéanamh, plé socruithe linn roimh dháta na hiontrála.
- Chun cabhrú le sábháilteacht do linbh a chinntiú, cuir an fhoireann ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn do leanbh á fhágáil agat chun béile a bheith agat nó chun dul chuig an leithreas.
- Féadtar leaba champála nó cathaoir a chur taobh na leapa. Más mian leat an leaba champála a fháil, luaigh é sin leis an altra ar iontráil an bharda duit.
- Tá amanna oscailte cuairte ann le haghaidh tuismitheoirí. Cé go gcuirtear fáilte roimh deartháireacha agus deirfiúracha an linbh cuairt thapa a thabhairt, ní féidir leo fanacht ar feadh fhad na hiontrála.

## **Cosaint leanaí**

Tá Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas tiomanta do shábháilteacht agus d'fholláine gach linbh atá faoinár gcúram a chur chun cinn. Tá an fhoireann go léir freagrach as cosaint leanaí agus le tacú leis seo, tá roinnt meicníochtaí i bhfeidhm. Cuireann Tús Áite do Leanaí: an Treoir Náisiúnta do chosaint agus leas Leanaí, an Roinn Sláinte, 2011 faisnéis ar fáil dár gcleachtas. Ina theannta sin, tá ár mBeartas áitiúil againn ar Chosaint Leanaí.

# Díscaoileadh

## Pleanáil Díscaoilt

Tá díscaoileadh ón ospidéal chomh tábhachtach céanna le d'iontráil. Tugaimid faoina chinntiú go ndéantar thú a dhíscaoileadh go sábháilte agus ar bhealach dea-chomhordaithe. Tosaímid faoi phleanáil díscaoilte ar an lá d'iontrála. Iarraimid ort go bhfágann tú do leaba faoi 10am lá an díscaoilte ionas gur féidir linn déileáil le hiontráil othair eile go héifeachtúil. Tá fáilte romhat fanacht sa seomra suite chun fanacht ar iompar. Amanna, iarrtar ort limistéar do leapa a fhágáil roimh 10am mar gheall go mbeidh duine ag teacht isteach chun dul faoi mháinliacht an mhaidin sin.

## Sochar Breoiteachta

Má tá tú i dteideal sochar breoiteachta a éileamh, eiseoidh an dochtúir a fhreastalaíonn ort teastas leighis má iarrann tú air/uirthi amhlaidh a dhéanamh. Tabhairt leat d'uimhir PSP, le do thoil. D'fhonn cabhrú linn díscaoileadh éifeachtúil a eagrú, luaigh, le do thoil, go dteastóidh an teastas leighis seo uait ar iontráil.

## D'fhéadfadh an seicliosta díscaoilte seo bheith cabhrach duit:

- An bhfuil iompar agat go dtí do theach? An bhfuil duine ag teacht chun tú a bhailiú?
- An bhfuil eochracha an tí, éadaí agat? An bhfuil bia sa teach?
- Ar cuireadh an teas ar siúl?
- Má tá cúram nó seirbhísí sa bhaile á bhfáil agat cheana féin, an fios don soláthróir seirbhíse gur díscaoileadh thú?
- Má thagann aon fhadhbanna aníos nuair a dhíscaoiltear thú, cé leis a ndéanfaidh tú teagmháil?
- An bhfuil d'oideas agat? Ní chuireann an tOspidéal cógas ar fáil duit. An bhfuil duine éigin ann a d'fhéadfadh an cógas a fháil duit?
- Céard dó a bhfuil an cógas, cé chomh minic atá sé le glacadh agat agus cé chomh fada a ghlacfaidh tú é?
- An bhfuil litir agat ó do dhochtúir nó ó d'altra sláinte poiblí. An dteastaíonn coinne othair sheachtraigh nó cúram leantach uait?
- Cathain is féidir leat fillleadh ar an obair agus ar ghnáthghníomhaíochtaí?
- An dteastaíonn teastas leighis ó d'fhostóir? An bhfuil do ghiurléidí go léir agat?
- Má bheidh téarnamh á fháil agat i ndiaidh d'fheithimh linn, an bhfuil dóthain cógais agat d'fhad d'fheithimh ansin?

Tiocfaidh Altra díscaoilte chugat maidin an díscaoilte agus pléifidh siad do dhíscaoileadh leat. Tabharfaidh seo deis mhaith duit chun aon cheisteanna eile a bheadh agat a chur orthu sula ndíscaoiltear thú.

## Do Chuntas Ospidéil a Íoc

Ní mór gach cuntas ospidéil a íoc lá an díscaoilte. Tá tobhach sláinte rialtais le hÍoc ar dhíscaoileadh. Ní mór d'othair féiníochta ar cuireadh cóiríocht leathphríobháideach in áirithe dóibh íoc roimh dhíscaoileadh.

## Árachas Sláinte Príobháideach

Tabhair leat sonraí d'árachais sláinte. Tá scéim íocaíochta díri á hoibriú laistigh den ospidéal.

## Sealbhóirí Cárta Leighis

Tabhair leat do chárta leighis.

## Rochtain ar do Thaifid Leighis

Tá faisnéis maidir le do ghalar faoi rún. Ní thabharfar an fhaisnéis sin d'aon duine seachas dóibh siúd atá páirteach i do chóireáil, lena n-áirítear do Dhochtúir Ginearálta féin, gan chead uait. Tar éis díscailte, más mian leat cóip a fháil de do thaifid, féadfaidh tú amhlaidh a dhéanamh trí scríobh chuig Bainisteoirí Sheirbhísí na nOthar, Ospidéal Victoria Ríoga Cluas agus Súl, Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. Ní mór iarratais a dhéanamh i scríbhinn.

## Saoráil Faisnéise

Cuireadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise (1997 agus 2003) i dtoll a chéile chun ligeann do dhaoine rochtain a fháil ar fhaisnéis atá á coimeád fúthu ag Comhlachtaí Poiblí, nach gnách go mbíonn ar fáil ó fhoinsí eile. Anseo ag Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas, cothaímid cultúr oscailteachta agus trédhearcachta, agus sa chás gur féidir, cuirfimid a oiread faisnéis is féidir ar fáil do mhuintir an phobail ar bhonn rialta. Ní mór go mbeidh iarratais i scríbhinn agus ní mór go mbeidh an seoladh a leanas orthu: Bainisteoir Sheirbhísí na nOthar, Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas, Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2.

## Foireann Chúraim a d'fhéadfadh casadh ort.

### Foireann Mhíochaine

Tabharfar cead isteach duit faoi chúram Comhairleora. Tá ag gach Comhairleoir foireann, agus is gnách go n-áirítear leis an bhfoireann Clárartheoir Sinsearach agus/nó Clárartheoir agus Dochtúir Sinsearach Tí (SHO). D'fhéadfadh go bhfreastalóidh dochtúirí ó fhoirne eile agus ó na Rannóga Raideolaíochta agus Ainéistéiseacha, áfach, le linn d'iontrála. Mar gheall gurb ospidéal teagaisc Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas, d'fhéadfadh go n-iarrfaí ort bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí míochaine agus mac léinn. Is fútsa atá sé chun diúltú bheith páirteach sna gníomhaíochtaí siúd agus ní dhéanfaidh seo difear do do chearta mar othar ná do do chúram ar aon bhealach.

### Foireann Altranais

Tá an Fhoireann Altranais ag Ospidéal Victoria Ríoga Cluas agus Súl meáite ar shármhaitheas a choimeád i gcleachtas agus i gcúram altranais. Aithnímid cur chuige teaghlachdhírthe agus iomlánaíoch lena mbaineann altranais ag oibriú i bpáirtíocht le teaghlaigh, a thacaíonn lena rannpháirtíocht, mar thoisic lárnach i gcúram ardchaighdeán a sholáthar. Is é ár gcuspóir an cleachtas fianaisebhunaithe is fearr a sholáthar ar féidir leis féin a chur in oiriúint do riachtanais fhairsinge agus athraitheacha sláinte ár ndaonra. Le linn d'fheithimh linn, tabharfaidh foireann altraí faoi stiúir Bainisteoir Altra Cliniciúil cúram duit. Cuirfidh siad cúram altranais ar ardchaighdeán ar fáil agus tabharfaidh faoi do riachtanais aonair a bhaint amach.

Caitheann gach foireann altranais suaitheantais ainm. Áfach, mura bhfuil tú cinnte faoi ainmneacha na n-altraí atá freagrach as do chúram altranais, ag tráth ar bith, fiafraigh dínn, le do thoil. Féadfaidh mic léinn altranais agus cúntóirí cúram sláinte lámh chúnta a thabhairt d'altraí cláraithe maidir le cúram a sheachadadh. Beidh an fhoireann altranais sásta chun aon fhiosrúcháin a d'fhéadfadh bheith agat le do chúram fad a bhíonn tú san ospidéal a éascú. Más mian leat, féadfaidh tú a roghnú chun labhairt leis

an mBainisteoir Altra Cliniciúil, an Stiúrthóir Cúnta Altranais nó an Stiúrthóir Altranais faoi do chúram nó do chóireáil.

## **Seirbhísí Speisialaithe Altranais**

Tá ag go leor dár bhfoireann altranais cáilíochtaí Ard-Diplóma Iarchéime Cluas, Srón agus Scornacha nó Oftalmacha.

Oibríonn altraí ag a bhfuil taithí san Ospidéal le comhghleacaithe eile ó ghairmeacha eile a chuireann seirbhís speisialaithe ar fáil laistigh de limistéir shonraithe.

Seo a leanas na limistéir a bhfreastalaíonn altraí speisialaithe ag Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas orthu:

- Altraí Speisialaithe um Ionfhabhtú a Chosc agus a Rialú
- Altra Speisialaithe Oinceolaíocht Oftailmeolaíochta
- Altra Speisialaithe Cluas, Scornacha agus Scornacha/Ceann agus Muineál
- Ardchleachtóir Oftailmeolaíocht Timpiste agus Éigeandála
- Altra Idirchaidrimh Dhochtúra Ghinearálta
- Altra Speisialaithe Cliniciúil ENT
- Altra Speisialaithe Cliniciúil Oftalmach.

Is éagsúil don tseirbhís a chuireann na haltraí ar fáil ó speisialtacht go speisialtacht.

## **Comhghairmithe Sláinte**

### **Éisteolaíocht.**

Tugtar faoi thástáil closmhéadrach nuair a fhreastalaíonn an t-othar ar an gclinic Cluas, Srón agus Scornacha, Ceann agus Muineál (ENT-HN nó Otolaraingeach). Cuireann seo ar chumas an chomhairleora an fhaisnéis a bheith aige/aici chun cabhrú leis an diagnóis. Is é an cloghran an gnáthamh tástála is coitianta faoina dtugtar i ngnáthimscrúduithe cliniciúla. Iarrtar ar na hothair suí i seomra fuaimdhíonach, cuirtear cluaisíní ar a gcluasa agus iarrtar orthu freagairt gach uair a chloiseann siad spreagthach.

### **An Rannóg Oibre Sóisialta.**

Cuireann ár n-oibrí sóisialta seirbhís ar fáil d'othair agus do ghaolta gan aird ar a staid airgeadais. Is éard atá i gceist leis an tseirbhís seo:

- Do chúram/théarnamh amach anseo a phleanáil.
- Comhairle a chur ort faoi theidlíochtaí leasa shóisialaigh.
- Faisnéis agus cúnamh a thabhairt d'othair maidir le fadhbanna a eascraíonn óna ngalar, agus pleanáil díscailte.
- Idirchaidreamh le gaoilta agus le cúramóirí, seirbhísí tacaíochta agus gníomhaireachtaí deonacha, agus comhghleacaithe i seirbhísí pobail agus in institiúidí eile.
- Éisteacht/comhairleoireacht
- Faisnéis a chur ar fáil agus teagmháil a dhéanamh le seirbhísí/tacaíochtaí eile ar do shon.



Má bhraitheann tú gur féidir linn cabhrú, iarr orainn, le do thoil, chun fios a chur ar an oibrí sóisialta nó déan teagmháil leis an oifig oibre sóisialta atá lonnaithe in ENT Rannóg na nOthar Seachtrach.

## **An Rannóg Cothaithe agus Diatéitice**

Tá Diatéiteach Idirchaidrimh againn a chuireann tacaíocht chothaithe agus oideachas diatéiteach ar fáil do na hothair siúd óna dteastaíonn idirghabháil chothaithe/dhiatéiteach mar chuid dá gcúram.

## **An Rannóg Ortoptach**

Ciallaíonn an téarma 'Ortoptaic' 'súile díreacha', is ó na focail Ghréigise 'orth' ('orto'), a chiallaíonn 'díreach' agus 'optics' ('optaice') a bhaineann leis an tsúil a thagann an focal. Is éard is ortoptach Comhghairmí Sláinte atá bainteach i measúnú, diagnóis agus bainistiú neamhord inghluiséacht súil-lionsa, radhairc dhéshúiligh agus forbartha radhairc i measc leanaí. Cuireann an Rannóg Ortoptach tacaíocht chliniciúil ar fáil do gach foireann oftalmach laistigh den Ospidéal.

## **An Rannóg Cógaisíochta**

Cuirimid réimse fairsing de sheirbhísí cógaisíochta ar fáil d'othair agus don fhoireann in Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas. Ina measc seo tá an méid a leanas:

- Drugaí a cheannach agus a dháileadh ar rannóga an ospidéil.
- Monatóireacht a dhéanamh ar orduithe lena chinntiú go bhfuil cóireáil drugaí sábháilte agus oiriúnach.
- Táirgí steiriúla a dhéantúsú, ar nós braonta speisialaithe Oftalmacha.
- Faisnéis chothrom le dáta, iontaofa agus neamhchlaonta a chur ar fáil ar dhruaí do ghairmithe cúram sláinte san ospidéal.

Is é ár bpríomhchuspóir an caighdeán is airde de chúram cógaisíochta a chur ar fáil chun feabhas a chur ar do cháilíocht beatha.

Ní gnách go ndáileann an Rannóg Cógaisíochta drugaí ar an bpobal/othair ar chumas miondíola, áfach, ar dhíscaoileadh duit, d'fhéadfaí thú a ordú chun dul chuig an gCógaslann chun do bhraonta a fháil sula n-imíonn tú abhaile. Tá sé tábhachtach go ndéanann tú amhlaidh mar gheall go bhféadfadh cuid de na braonta bheith speisialaithe agus nach mbeidh fáil orthu i do Chógaslann áitiúil dá bharr sin. Sa chás go bhfeictear duit go bhfuil an Chógaslann dúnta ar chúis ar bith, léigh an fógra, le do thoil, atá ar crochadh a chuireann in iúl duit an t-am a bheidh sí ar oscailte arís. Tá sé tábhachtach go bhfanann tú go ndáilfear ort na cógais.

## **An Rannóg Fisteiripe**

Cuireann ár bhFisiteiripeoir seirbhís fisiteiripe ar fáil d'othair chónaithe agus d'othair sheachtracha araon.

## **An Rannóg Raideolaíochta (An Rannóg X-ghathaithe)**

Cuireann ár Rannóg X-ghathaithe na seirbhísí a leanas ar fáil:

- X-ghathaithe ginearálta lena mbaineann an tSúil/ENT-HN.
- Scrúduithe Ultrafhuaime agus an tSúil/ENT-HN.
- Tá dlúthnasc idir an Rannóg agus an Rannóg Raideolaíochta in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann (SVUH) agus cuireann an institiúid seo roinnt seirbhísí ar fáil. I measc na ngnáthamh seo tá Siollagraim, Daicreashisteagraim, CT, MRI, Físfhluarascópacht agus staidéir Bhairiam.

## **An Rannóg Teiripe Urlabhra agus Teanga**

- Cuireann an Rannóg Urlabhra agus Teanga do Dhaoine Fásta seirbhís mheasúnachta agus chóireála ar fáil d'othair go príomha ag a bhfuil deacrachtaí slogtha nó glóir mar gheall ar fhadhbanna ailse chinn nó mhuineáil.
- In go leor cásanna, beidh an t-othar ag iarraidh go mbeidh cara nó duine muinteartha ina bhfochair le linn an phróisis chóireála.
- Féadtar na hothair a fheiceáil roimh nó i ndiaidh máinliachta.
- Bíonn clinicí ar siúl gach lá.
- Cuireann an Rannóg Urlabhra agus Teanga seirbhís ar fáil d'othair chónaithe agus sheachtracha araon.

## **An tSeirbhís Ateangaireachta**

- Úsáidimid seirbhís ghairmiúil ateangaireachta.
- Ní mór na hagteangairí a chur in áirithe roimh ré, mar sin, cuir Ball Foirne ar an eolas má theastaíonn Ateangaire a luaithe is féidir.

## Teangacha an Lámhleabhair d'Othair

- Chun cabhrú linn freastal ar riachtanais ár bpobail fhairsing, foilsímid an Lámhleabhar seo i roinnt teangacha. Tá fáil air ar ár láithreán gréasáin [rveeh.ie](http://rveeh.ie) i nGaeilge nó féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh lenár Rannóg Cáilíochta, Riosca, Sláinte agus Sábháilteachta chun an Lámhleabhar a ordú i do theanga féin. Guthán (01) 7088549.
- To help us meet the needs of our diverse patient community, we publish this Handbook in several languages. Please contact our Quality, Risk, Health & Safety Department to order the Handbook in your language. Phone (01) 7088549.
- Afin de répondre aux besoins de patients originaires de diverses communautés, nous publions ce guide en plusieurs langues. Veuillez contacter notre Département Qualité, Risque, Santé et Sécurité pour commander le guide dans votre langue. Téléphone : (01) 7088549
- Abychom mohli splniť potreby našej rôznorodé komunity pacientů, vydávame tuto príručku v niekoľkých jazykoch. Pro objednanie príručky vo vašom jazyce kontaktuje naše oddelenie kvality, rizika, zdravia a bezpečnosti. Volejte na (01) 7088549.
- Προκειμένου να ανταποκριθούμε στις ανάγκες της πολύμορφης κοινότητας των ασθενών μας, εκδίδουμε αυτό το Εγχειρίδιο σε διάφορες γλώσσες. Επικοινωνήστε με το Τμήμα Ποιότητας, Κινδύνου, Υγείας και Ασφάλειας για να παραγγείλετε το Εγχειρίδιο στη δική σας γλώσσα. Τηλέφωνο: (01) 7088549.
- हम हमारे विविध रोगी समुदाय की जरूरतों को पूरा करने के लिए, हम इस हैंडबुक को कई भाषाओं में प्रकाशित करते हैं। कृपया हमारे गुणवत्ता, जोखिम, स्वास्थ्य और सुरक्षा विभाग से संपर्क करके अपनी भाषा की हैंडबुक ऑर्डर करें। फोन (01) 7088549।
- Lai mums būtu vieglāk apmierināt dažādu pacientu kopienas vajadzības, mēs šo Rokasgrāmatu publicējam vairākās valodās. Lūdzu, sazinieties ar mūsu Kvalitātes, riska, veselības un drošības departamentu, lai pasūtītu Rokasgrāmatu jūsu valodā. Tālrunis: (01) 7088549.
- Siekdami patenkinti skirtingų pacientų poreikius, išleidome šį vadovą keliomis kalbomis. Norėdami užsakyti vadovą savo kalba, kreipkitės į Kokybės, rizikos, sveikatos ir saugos skyrių. Tel. (01) 7088549.
- Opublikowaliśmy niniejszy Podręcznik w wielu językach, aby usprawnić pomoc oferowaną naszym różnorodnym klientom. Bardzo prosimy o kontakt z naszym Działem ds. BHP, Jakości i Ryzyka, aby uzyskać Podręcznik w Państwa języku. Numer telefonu: (01) 7088549.
- Para nos ajudar a ir ao encontro da nossa diversificada comunidade de pacientes, publicamos este guia em várias línguas. Por favour contacte o nosso Departamento de Qualidade, Risco, Saúde e Segurança na sua língua. Telefone (01) 7088549.
- Pentru a contribui la îndeplinirea nevoilor diversei comunități de pacienți, publicăm acest Manual în mai multe limbi. Vă rugăm contactați departamentul de calitate, risc, sănătate și siguranță pentru a comanda Manualul în limba dumneavoastră. Telefon (01) 7088549.
- Чтоб помочь нам удовлетворить запросы наших пациентов разных национальностей, мы печатаем данное Руководство на нескольких языках. Просим связаться с нашим Отделом качества, управления рисками, охраны труда и техники безопасности для заказа данного Руководства на Вашем языке. Телефон: (01) 7088549.
- ہماری طرح طرح کے مریضوں پر مشتمل کمیونٹی کی ضروریات پوری کرنے میں ہماری مدد کیلئے ہم یہ ہینڈ بک کئی کئی زبانوں میں شائع کرتے ہیں۔ اپنی زبان میں یہ ہینڈ بک آرڈر کرنے کیلئے براہ مہربانی ہمارے کوالٹی، رسک، ہیلتھ اینڈ سیفٹی ڈیپارٹمنٹ سے رابطہ کریں۔ فون (01) 7088549
- لمساعدتنا على تلبية احتياجات الجاليات المتعددة للمرضى ، فقد قمنا بنشر هذا الدليل بعدة لغات . الرجاء الاتصال بإدارة الصحة والسلامة والمخاطر والجودة وذلك لطلب الدليل بلغتك الخاصة. اتصل بالهاتف على الرقم: (01) 7088549



## TABHARTAS A DHÉANANN DIFRÍOCHT MHÓR

Ar feadh **breis agus 100 bliain**, tá seirbhísí Súl agus ENT-HN (Cluas, Srón, Scornach – Ceann agus Muineál) á gcur ar fáil ag Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas do dhaonra na hÉireann.

Táimid **an-bhuíoch** d'aon tabhartais a fhaighimid agus caithimid leis na cistí a thiomsaítear ar an mbealach seo le freagracht, agus cinntimid go n-úsáidtear iad sna limistéir is mó a rachaidh chun sochair an Ospidéil.

Téann gach tabhartas a fhaighimid go díreach chuig Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas chun an tseirbhís uathúil a bhunú agus a fhorbairt as a bhfuil cáil ar an Ospidéal. Is iad cuid de na sprioclimistéir le haghaidh tabhartas:

- Compoird bhreise d'othair.
- Feabhsú leanúnach áiseanna othair.
- Nuashonrú agus athchóiriú leanúnach bhonneagar an Ospidéil le cúram uasta na n-othar a chinntiú.
- An teicneolaíocht is déanaí a fhail agus cóireáil nua agus fheabhsaithe othar a fhorbairt.

Féadfaidh tú tabhartas a dhéanamh trí chuairt a thabhairt ar [www.rveeh.ie](http://www.rveeh.ie) nó féadfaidh tú tabhartas a chur sa phost chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ospidéal Victoria Ríoga Súl agus Cluas, Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2.